Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Feabhra 2026**
**(OR. en)**

**6744/26**

**FIN 324**
**INST 67**
**PE-L 10**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 6294/26 |
| Ábhar: | Aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 04/2026 laistigh de Roinn III – an Coimisiún – de bhuiséad ginearálta 2026<br>• *Formheas*<br>• *Formheas litreach* |

1. An 11 Feabhra 2026, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra Uimh. DEC 04/2026 le haghaidh aistriú leithreasuithe maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú (EGF/2025/007 BE/Casa)[1], i gcomhréir le hAirteagal 31(1) den Rialachán Airgeadais[2].

2. Mar a taifeadadh in 6294/26, is é is cuspóir don togra sin EUR 1.92 milliún de leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a aistriú ó Airteagal 30 04 02 (Cúlchiste le haghaidh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED)) go hAirteagal 16 02 02 (an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED)).

[1] 6274/26.
[2] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

4. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra maidir le haistriú ag an gcruinniú a bhí aige an 25 Feabhra 2026.

5. Tar éis an scrúdaithe sin, chomhaontaigh an Coiste um an mBuiséad, trí thromlach cáilithe, a mholadh go molfadh Coiste na mBuanionadaithe don Chomhairle an méid seo a leanas a fhormheas:

   - an togra i leith aistriú leithreasuithe atá beartaithe, mar a leagtar amach in 6294/26 é; agus

   - an dréachtlitir a leagtar amach san IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an nóta seo.

**IARSCRÍBHINN**

DRÉACHTLITIR

ó: Uachtarán na Comhairle

chuig: Uachtarán an Choimisiúin

cóip: Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

A chara,

I gcomhréir le hAirteagal 31(6) den Rialachán Airgeadais an 23 Meán Fómhair 2024[1], cuirim in iúl duit gur cheadaigh an Chomhairle aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 04/2026 laistigh de Roinn III – an Coimisiún – den bhuiséad ginearálta do 2026.

(Clabhsúr dea-mhéine).

---

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).